

Ábhar

Cúrsaí Léinn – Ag Éirí As

Mír Éisteachta

Forás

Róisín Nic Dhonncha

Ní cúrsa teagaise ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Cúrsaí Léinn – Ag Éirí As

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le hagallamh a rinne Norita Ní Chartúir le Róisín Nic Dhonncha. Bhí Róisín ina mac léinn sa Choláiste Réigiúnach i nGaillimh ach d'éirigh sí as, agus cloisfidh tú í ag caint faoi na cúiseanna a bhí leis sin. Sula n-éisteannt tú leis an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

- Cad iad na cúiseanna, dar libh, a n-éiríonn daoine as cúrsaí tríú leibhéal? Cuirigí liosta cúiseanna le chéile agus pléigí aon leigheas, dar libh, atá ar na cúiseanna sin.
- Cad iad na dúshláin is mó a bhaineann le bheith ag freastal ar choláiste tríú leibhéal, dar libh?
- Cén cur amach atá agaibh ar na seirbhísí tacaíochta atá sa Choláiste seo do mhic léinn?

Beidh an leagan Gaeilge de na habairtí seo a leanas le cloisteáil sa mhír. Ag obair leis an duine in aice leat déanaigí iarracht Gaeilge a chur orthu. Déanaigí cúram den aimsir cheart den bhriathar agus den litriú ceart.

1. How did you enjoy the Leaving Cert year? I really enjoyed it.
2. I knew I was working.
3. I was lucky I did the work.
4. I had to give up.
5. Did you get support from your parents? Yes.
6. We all go astray and make mistakes.
7. I wonder will I give up at Christmas or Easter?
8. It was a very difficult decision.
9. I never thought it'd happen to me.
10. Before you made the decision to leave this place.
11. Maybe if you had the basics in secondary school.

Éisteacht agus Feasacht Teanga

Anois éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo:

- Déan liosta de na hábhair ar fad a luann Róisín sa mhír. Cuir do liosta i gcomparáid le liosta an duine in aice leat. Ansin cuirigí beirt an t-alt 'an' roimh gach ceann (tá naoi gcinn ann).
- 'seacht n-ábhar'. Cén riail / patrún atá anseo? An bhfuil aon eisceachtaí i gceist? Pléigh leis an duine in aice leat agus bainigí triail as na cleachtaí seo:

- | | |
|---------------|----------------|
| 1. 8 + aiste | 9 + tionscadal |
| 2. 3 + bliain | 10 + bliain |
| 3. 3 + uair | 7 + ollscoil |

- | | |
|------------------|----------------|
| 4. 3 + coláiste | 9 + institiúid |
| 5. 9 + meánscoil | 3 + meánscoil |
| 6. 3 + seachtain | 7 + abairt |
| 7. 3 + frása | 8 + ceacht |
| 8. 4 + botún | 7 + earráid |

- ‘meas tú an éireoidh mé as?’

Lig ort go bhfuil tú ag míniú d’fhoghlaimoir an úsáid is féidir a bhaint as an mbriathar ‘éirigh’ sa Ghaeilge. Ullmhaigh féin agus an duine in aice leat míniú agus cúpla cleachtadh a léireodh seo.

An féidir libh Gaeilge a chur ar na frásaí seo?

1. I gave up sweet things
2. I got on well in the exam
3. I got up early this morning
4. She became angry
5. He retired
6. I get on well with Siobhán
7. Do you get on with her?

Iarobair

Plé

- Cén chomhairle a bheadh agat do dhuine óg atá ag roghnú ábhair le staidéar a dhéanamh air ag an tríú leibhéal?
- Cé chomh tábhachtach is atá tacaíocht ó thuismitheoirí agus tú ag freastal ar an gColáiste?
- An bhfuil tú sásta leis an gcinneadh atá déanta agat freastal ar an gcúrsa seo?
- Cad iad na rudaí a cheapann tú atá deacair faoin gcúrsa?
- Smaoinigh siar ar na cúrsaí eile a bhí in aigne agat a dhéanamh sa Choláiste. An bhfuil aon aiféala ort nár roghnaigh tú ceann díobh? Cé chomh difriúil a bheadh do shaol anois dá mbeadh cúrsa eile roghnaithe agat?
- Conas a théann tú i ngleic le deacrachtaí a bhíonn agat le do chúrsa léinn?
- An bhfuil mórán ar eolas agat faoi cad a bheidh i gceist leis na blianta eile do do chúrsa? Cá bhfaighfeá an t-eolas seo?

Tascanna

- Cad atá ar eolas agat faoi chúrsaí tríú leibhéal as Gaeilge? Déan roinnt taighde ar an idirlíon go bhfeice tú cad atá ar fáil.
- Tá lámhleabhar comhairle á chur le chéile ag na hoifigí riaracháin sa Choláiste do mhic léinn atá ag tosú sa chéad bhliain. Iarradh ortsa agus do ghrúpa piosa a scríobh don lámhleabhar. Cuirigí pointí comhairle ar fáil.
- Síleann tú go bhfuil an cúrsa Gaeilge an-deacair ar fad agus tá fadhbanna agat lena lán rudaí éagsúla. Scríobh litir chuig duine de na léachtóirí ag míniú an scéil agus ag lorg cabhrach.

- Scríobh píosa cruthaitheach faoin saol a bheadh agat dá mbeadh glactha agat le ceann de na cúrsaí eile a bhí liostaithe agat ar fhoirm an CAO.

Téipscript

- Norita: Céard faoin mheánscoil i gCarna, a Róisín? D'fhreastail tú féin ar an scoil sin is dócha.
- Róisín: D'fhreastail. Níl ach thart ar dhá chéad duine sa mheánscoil seo anois, meánscoil sách beag. Bhí thart ar ocht nduine fichead againn sa rang Ardteiste. Bhuel bhí seacht n-ábhar agam féin. Bhí mé ag déanamh Gaeilge, Béarla, *Maths*, Bitheolaíocht, Gearmáinis agus Eacnamaíocht Bhaile agus Stair.
- Norita: Cén chaoi ar thaitin bliain na hArdteiste leat?
- Róisín: Thaitin sé go mór liom. D'airigh me... bhí mé sórt sásta liom féin. Bhí a fhios agam go raibh mé ag obair.
- Norita: An raibh toradh na hoibre sin le feiceáil tar éis na hArdteiste?
- Róisín: Bhí. Bhí mé an-sásta le mo chuid torthaí. Bhí mé sásta le mo chuid oibre uilig. Bhí an t-ádh orm go ndearna mé an obair sin.
- Norita: Anois, chuaigh tú go dtí an Coláiste Réigiúnach i nGaillimh. Cén fáth?
- Róisín: Chuaigh. Bhuel, bhí suim agam i gcúrsaí leighis agus rinne mé go maith san Ardteist ach ní baileach chomh maith le haon chúrsa leighis a fháil san ollscoil. Mar sin, chuaigh mé isteach ag déanamh Eolaíocht Saotharlainne Leighis sa gColáiste Réigiúnach i nGaillimh. Agus sórt, b'fhéidir, bealach sórt indíreach é le dul isteach sa gcúrsa leighis, b'fhéidir amach anseo. Mar sin chuaigh mé isteach ansin ach bhí mé á fháil an-deacair uilig is uilig. Bhí ábhair ann ar nós fisic agus ceimic rud... sin ábhair anois nach raibh dá múineadh sa scoil nuair a bhí mise ann ag leibhéal sinsearach, abair le haghaidh na hArdteiste, agus ní raibh *maths* onórach agam ach an oiread, *so* chaith mé éirí as tar éis dhá théarma. Ní raibh sé ag teacht liom go héasca ar chor ar bith.
- Norita: B'fhéidir dá mbeadh an bunús agat sa mheánscoil go mbeadh rudaí i bhfad níos éasca duit, meas tú?
- Róisín: Ó cinnte, cinnte bheadh. Mar chonaic mé na daoine a bhí timpeall orm. Ní raibh ach thart ar scór sa rang, agus na daoine uilig a bhí timpeall orm bhí na hábhair seo uilig déanta acu roimh ré agus mar sin bhí sé ag teacht i bhfad níos éasca leosan ná a bhí sé liomsa.
- Norita: Ar chaith tú i bhfad ag cuimhneamh ort féin? Ar chaith tú i bhfad ag smaoineamh, a Róisín, sula ndearna tú an cinneadh seo an áit a fhágáil agus dul go dtí áit éigin eile?
- Róisín: Chaith. Chaith mé an bhliain uilig dáiríre. B'fhéidir tar éis dhá mhí – bhí deacrachtaí agam agus chaith mé an bhliain uilig ag cuimhneamh air agus bhí mé ag rá liom féin 'meas tú an éireoidh mé as ag an Nollaig nó ag an gCáisc nó cén t-am?' An bhfuil a fhios agat, ba chinneadh uafásach deacair é. Bhí sé an-deacair díreach a rá 'bhuel seo é, tá sé críochnaithe agus caithfidh mé rud éigin eile a dhéanamh'. Níor cheap mé riamh go dtarlódh sé dom féin. Cheap mé go mbeadh i gcónaí an bealach ceart agam an chéad uair agus nach mbeadh orm rudaí a dhéanamh an athuair nó tada mar sin, ach sin an chaoi.
- Norita: Téimid uilig amú ar ndóigh agus déanaimid dearmadaí. An bhfuair tú tacaíocht ó do thuismitheoirí?
- Róisín: Fuair. Fuair dáiríre. Ní raibh siad ag iarraidh mé a fheiceáil i gcruachás mar sin. Agus bhí a fhios acu féin, dá mbeadh sé chomh deacair seo

cúrsa dioplóma a dhéanamh, abair le haghaidh trí bliana, bheadh sé i bhfad níos deacra arís, abair, cúrsa céime a dhéanamh amach anseo. Agus bhí a fhios acu – ní raibh an scéal ag dul a fheabhsú. *So*, bhí siad ag tabhairt lán-tacaíochta dom ansin nuair a rinne mé mo chinneadh éirí as.